# RABHADH

Ná déan dearmad an chuid seo a chur ar ais le do leabhrán freagraí. Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 - FILLTEÁN

**DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 go 3.30**


**N.B. TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Ní mór **GACH** ceist a fhreagairt.
Tá rogha agat **i gCEITHRE** cheist.
Déan deimhin de an fillteán seo a thabhairt ar ais in éineacht le do leabhar freagraí.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna.

**1. Gluaiseachtaí Talún**

Cé acu díobh seo a leanas atá léirithe sa phictiúr?



Crith talún ☐

Maidhm shneachta ☐


Bolcán ☐

Ithirthéaltú ☐

[cuir ✓ sa bhosca ceart]

**2. Carraigeacha**

Is sampla de **bhruthcharraig** é:




Marmar ☐


Eibhear ☐

Aolchloch ☐

Gaineamhchloch ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**3.** **<u>Ag tomhas na haimsire</u>**




Is é an gléas a thaispeántar sa léaráid ná:

Eite ghaoithe ☐

Teirmiméadar ☐

Baraiméadar ☐

Méadar báistí ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**4.** **<u>Síonchaitheamh</u>**

Tarlaíonn síonchaitheamh ceimiceach nuair:


A chreimeann an fharraige aill ☐

A bhristear carraigeacha as a chéile de bharr aigéad carbónach a bheith in uisce báistí ☐

A bhristear carraigeacha as a chéile de bharr oibriú seaca ☐

A dhéanann plandaí agus ainmhithe tochailt sa talamh ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]




**5.** **Screamh an Domhain**

Taispeánann an ceantar scáilithe bándearg ar an léarscáil thuas:

Ceantair fhásaigh ☐

Crios tuillte ☐

Fáinne tine an Aigéin Chiúin ☐


Foraoisí báistí ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**6.** Freagair **6a NÓ 6b**

## 6a. <u>Tíreolaíocht Shuímh</u>

Cén **contae** ina bhfuil an Bhoireann suite?




Contae Chorcaí ☐

Contae Dhún na nGall ☐

Contae Chiarraí ☐


Contae an Chláir ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

## 6b. <u>Treo</u>

Féach ar an léarscáil seo. Dá mbeifeá ag taisteal ó Loch Garman go Leitir Ceanainn, bheifeá ag imeacht ó:




Thiar Thuaidh go Thoir Theas ☐

Thiar Theas go Thoir Thuaidh ☐


Thoir Theas go Thiar Thuaidh ☐

Thiar Theas go Thiar Thuaidh ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 7. **Aibhneacha**

Aibhneacha beaga a dhéanann cumar le haibhneacha móra mar a thaispeántar sa léaráid seo tugtar orthu:




- Deilteanna ☐
- Lúba ☐
- Locha ☐
- Fo-aibhneacha ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 8. **Cathracha**

Féach go cúramach ar an gcartún seo.

Baineann an teachtaireacht le:



"Táimid ag fanacht go dtiocfaidh an chathair chomh fada linn . . ."

- Tionscal ☐
- Coirpeacht ☐
- Sraoilleáil Uirbeach ☐
- Turasóireacht ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**9.** Freagair **9a NÓ 9b**

**9a.** **Oighriú**

Féach ar an léaráid. Tugtar ar log cosúil leis seo ar thaobh sléibhe (agus loch go minic ann) a foirmíodh de bharr oighearchreimthe:


Droimnín ☐

Corr ☐

Moiréan ☐

Coire ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]



**NÓ**

**9b.** **Cóstaí**

Ar an ngné marcáilte A sa léaráid, a foirmíodh de bharr creimeadh na farraige, tugtar:


Gob gainnimh ☐


Aill ☐

Staic fharraige ☐

Trá ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]






## 10. An Timthriall Uisce

Déan staidéar ar an léaráid den Timthriall Uisce. Tá an litir E in áit cé acu ceann de na focail thíos ……………..……….

Creimeadh ☐

Galú ☐

Cónocht ☐

Meánchiorcal ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 11. Lonnaíocht

Taispeánann fothrach caisleáin i mbaile go raibh tábhacht ag baint le ceann de na feidhmeanna seo a leanas san am atá caite:

Tionscal ☐

Creideamh ☐

Margadh ☐

Cosaint ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**12.** Freagair **12a NÓ 12b**

**12a. <u>Gníomhaíocht Eacnamaíoch</u>**

Is sampla de Thionscal Cos- Scaoilte é:

Monarcha ríomhairí ☐

Monarcha cruach ☐

Mianach guail ☐


Rig ola ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

**12b. <u>Gníomhaíocht Eacnamaíoch</u>**

An fheirmeoireacht a thaispeántar sa léaráid is sampla é de:



Gníomhaíocht eacnamaíoch phríomhúil ☐

Gníomhaíocht eacnamaíoch thánaisteach ☐

Gníomhaíocht eacnamaíoch threasach ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**13. <u>Suirbhéireacht Ordanáis</u>**

Féach ar an léarscáil suirbhéireachta ordanáis agus ar an eochair atá ag gabháil leis.

Ainmnigh an ghné atá suite **S** 665 754.

Foraois dhuillsilteach ☐

Sléibhte/talamh ard ☐

Loch ☐

Abhainn na Bearrú ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**14.** Freagair **14a NÓ 14b**

**14a. Feirmeoireacht**

Cé acu díobh seo a leanas ar sampla é de tháirge ó fheirm:

Bainne ☐

Treabhadh ☐

Saothar/obair ☐

Tarracóir ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

**14b. Talamh Nua**

San Ollainn ar thalamh míntírithe tugtar:

Húmas ☐

Poldar ☐

Imirce ☐

Baile seantán ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**15.** **<u>Cúnamh don Deisceart</u>**

Cé acu díobh seo a leanas ar sampla d'Eagraíocht Neamh-Rialtais (N.G.O.) é?

Na Náisiúin Aontaithe ☐

Concern ☐

Rialtas na Brasaíle ☐

An tAontas Eorpach ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**16.** **<u>Acmhainní Nádúrtha</u>**

Cé acu díobh seo a leanas ar **foinse fuinnimh neamh-inathnuaite** é?



Gualstáisiún Leictreachais ☐




Cumhacht na Gaoithe ☐



Uisce Reatha (Cumhacht hidrileictreach) ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**17.** **Réamhaisnéis Aimsire**




Taispeánann an pictiúr seo cairt aimsire. Is ceantar **X** de:

Brú ard ☐

Fronta te ☐

Lagbhrú ☐

Fronta fuar ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**18.** **Cumarsáid**

Féach ar an leárscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus ar an eochair atá ag gabháil léi.

Cé acu díobh seo a leanas atá suite ag **S** 724 730?

Bóthar réigiúnach ☐

Príomhbhóthar Náisiúnta ☐

Bóthar Náisiúnta den dara grád ☐

Iarnród ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**19. Diúscairt Dramhaíle**

Comhdhéanamh dramhaíl bhaile a cuireadh go dumpanna fuílligh in Éirinn i 1998:

| | |
|---|---|
| Páipéar | 19.5% |
| Gloine | 5.5% |
| Plaisteach | 11.9% |
| Miotail | 3.5% |
| Teicstílí | 2.9% |
| Orgánaigh | 32.9% |
| Eile | 23.8% |

Déan staidéar ar an tábla thuas agus taispeáin cé acu díobh seo a leanas atá ceart:

Ba é méid an pháipéir an ceann ba airde. ☐


Bhí méid na gloine níos airde ná páipéar. ☐

Bhí méid an phlaistigh níos airde ná teicstílí. ☐

Bhí méid na dteicstílí níos airde ná orgánaigh. ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**20. Léaráidí Staitistiúla - Mná ag Saothrú (obair)**




Féach ar na léaráidí staitistiúla thuas. Sna **trí** chuid den cheist scríobh, sna spásanna atá ann dóibh, na freagraí cearta.

I 1971 is é an céatadán de mhná a bhí fostaithe san Earnáil **Phríomhúil** ná _________%.

I 2000 is é an céatadán de mhná a bhí fostaithe san Earnáil **Thánaisteach** ná________%.

Is í an earnáil ar a dtáinig méadú de 23% idir 1971 agus 2000 ná ______________.